**Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil**
**Ollscoil Mhá Nuad**

# Teastas Eorpach na Gaeilge

## Meánleibhéal 2 (B2)

## Scrúdú samplach 2

## Cluastuiscint, Léamhthuiscint, Scríbhneoireacht & Úsáid na Gaeilge

1. Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

| |
|---|
| |

2. Tá an *Scrúdú Cluastuisceana* (25%), an *Scrúdú Léamhthuisceana* (25%) agus an *Scrúdú Scríbhneoireachta agus Úsáid na Gaeilge* (25%) sa leabhrán seo. Baineann an 25% eile leis an *Scrúdú Cainte.*

3. Freagair gach ceist.

4. Mairfidh an *Scrúdú Cluastuisceana* timpeall 35 nóiméad. Beidh 5 nóiméad agat leis an *Scrúdú Cluastuisceana* a léamh sula gcuirfear an taifeadadh ar siúl.

5. Mairfidh an *Scrúdú Léamhthuisceana* agus an *Scrúdú Scríbhneoireachta agus Úsáid na Gaeilge* dhá uair go leith ar fad.

***Don oifig amháin***

***Cluastuiscint***

| | |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |

***Léamhthuiscint***

| | |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |

***Scríbhneoireacht & Úsáid na Gaeilge***

| | |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |

*© Ollscoil Mhá Nuad*

# Cluastuiscint

**25% den scrúdú iomlán: (48 marc)**

**Tá 5 nóiméad agat leis an bpáipéar a léamh sula dtosóidh an taifeadadh.**
**Tá 4 cheist ar fad sa pháirt seo. Cloisfidh tú gach téacs faoi dhó *ach amháin* an téacs do Cheist 4. *Cloisfidh tú an téacs do Cheist 4 uair amháin*.**
**Freagair na ceisteanna i nGaeilge.**

## 1

*Éist le 3 mhír nuachta agus freagair na ceisteanna thíos.* ☐ / 12 marc

**Mír Nuachta 1**

1. Cén imní ***is mó*** atá ar mhuintir na háite faoin bhfeirm ghaoithe?

   ______________________________

2. Cad ba mhaith leis an gcomhlacht *Aragon* ó dhaoine sa cheantar?

   A. Tacaíocht ❒
   B. Comhairle ❒
   C. Eolas ❒

**Mír Nuachta 2**

1. Cén fáth ***go díreach*** ar gearradh téarma príosúin ar na fir?

   ______________________________

2. Cad é an ***príomhrud*** a theastaíonn ón ngrúpa *Pobal Slán*?

   ______________________________

**Mír Nuachta 3**

1. Cad é ***go díreach*** ba chúis leis an timpiste, de réir na tuairisce?

   ______________________________

2. Cad é an rud ***is mó*** a chuireann isteach ar an bpobal áitiúil?

   ______________________________

© *Ollscoil Mhá Nuad*

# 2

*Éist le sé mhír agus freagair na ceisteanna thíos.* ☐ /12 marc

**Mír 1**
***Éist le comhrá gutháin.***

1. Tá fadhb i gcistin Bhríd. Céard é?

   __________________________________________________

2. Cén botún a rinne an pluiméir an uair dheireanach a bhí sé sa teach?

   __________________________________________________

**Mír 2**
***Éist le comhrá.***

1. Cad a deirtear faoin daonra i mBaile na Craoibhe?

   __________________________________________________

2. Cén fáth ar fhág Nóirín Baile na Craoibhe?

   __________________________________________________

**Mír 3**
***Éist le mír as clár raidió.***

Is feoilséantóir í Clár anois. Cén fáth?

A. Chun airgead a shábháil. ☐
B. Ní maith léi bheith ag cócaireacht. ☐
C. Theastaigh uaithi bheith níos sláintiúla. ☐
D. Mar is maith léi ainmhithe. ☐

*© Ollscoil Mhá Nuad*

## Mír 4

***Éist le beirt ag comhrá.***

1. An raibh Trevor sásta leis an aimsir? Cén fáth?

   ______________________________________________________________

2. Cén fáth nach ndeachaigh Trevor ar aon turas?

   A. B'éigean dó rud beag oibre a dhéanamh gach lá. ☐
   B. Ní raibh go leor airgid aige le dul ar na turais. ☐
   C. Níor theastaigh uaidh aon rud a dhéanamh ach sos a thógáil. ☐
   D. Bhí an-iomarca daoine ar na turais. ☐

## Mír 5

***Éist le beirt ag caint.***

Tá rud éigin caillte acu. Cad é? ____________________________

## Mír 6

***Éist le bean ag caint ar an nguthán.***

Cé leis a bhfuil an bhean seo ag caint?

A. Le garda ☐
B. Le comharsa ☐
C. Le polaiteoir ☐
D. Le hiriseoir ☐

*© Ollscoil Mhá Nuad*

**3** *Cloisfidh tú píosa as agallamh le Maitiú Ó Laighin. Freagair na ceisteanna thíos.*

☐ / 12 marc

## *Agallamh raidió*

1. Cén leasainm atá ar Mhaitiú?

___

2. Cén cineál foilseacháin é *Slán le Strus*?

A. Leabhar ☐
B. Dlúthdhiosca ☐
C. Suíomh gréasáin ☐
D. Iris ☐

3. Bhí Maitiú rud beag amhrasach faoi *yoga* i dtús báire. Cad í an ***phríomhchúis*** a bhí aige leis sin?

___

4. Síleann Maitiú go mbíonn míthuiscint ar dhaoine faoi chúrsaí aclaíochta. Céard é?

___

5. Cad é an difear ***is mó*** idir nósanna bia in Éirinn inniu agus blianta ó shin?

___

6. Cén fáth a luann Maitiú cúrsaí aimsire?

___

*© Ollscoil Mhá Nuad*

# 4

*Cloisfidh tú píosa den chaint a thug Síle Ní Bhroin, atá ag obair in Ionad Cúram Leanaí. Tá sí ag déanamh cur síos ar an Ionad do ghrúpa tuismitheoirí. Cloisfidh tú an téacs* ***uair amháin****.*
*Tá 50 soicind agat anois leis na habairtí thíos a léamh.*
*Éist leis an bpíosa cainte agus críochnaigh na habairtí thíos.*

/12 marc

1. Caithfidh na tuismitheoirí insint don bhainisteoir roimh ré más mian leo na páistí a fhágáil san Ionad ______________________________ .

2. Má bhíonn na tuismitheoirí déanach go minic agus iad ag bailiú na bpáistí beidh orthu ____________________________________.

3. Nuair a bhíonn na páistí óga ina gcodladh, bíonn seans ag na páistí eile _______________________________.

4. Tugtar na páistí amach_____________________________________ má bhíonn an aimsir maith go leor.

5. Déanfar plé ar ______________________________________________ ag cruinniú idir na tuismitheoirí agus an bainisteoir gach mí.

6. Fuair an tIonad airgead ón rialtas chun ___________________________ a fháil.

*© Ollscoil Mhá Nuad*

# Léamhthuiscint

**25% den scrúdú iomlán: (40 marc)**

**1** *Léigh an t-alt thíos. Cé acu abairt (A-H) is fearr a dhéanann cur síos ar ábhar gach paragraif? Tá dhá abairt nach mbainfidh tú úsáid astu. Scríobh an litir cheart sa spás ag barr gach paragraif.*

☐ 12 / marc

A. Bhí fearg ar Chiarán le linn na saoire faoi dhearcadh daoine as na tíortha saibhre.

B. Bhí Ciarán ar buile nach ndearna sé féin na socruithe saoire, mar is gnách.

C. Athraíodh dearcadh Chiaráin faoi chúrsaí an tsaoil le linn na saoire.

D. Bíonn Ciarán i dteagmháil le hoibrithe pobail i Srí Lanca go fóill.

E. Bhí faitíos ar Chiarán go mbeadh an teaghlach i mbaol le linn na saoire.

F. Ní raibh aon chur amach ag Ciarán ar Shrí Lanca sula ndeachaigh sé ar saoire ann.

G. Ní raibh Ciarán róthógtha leis na socruithe saoire.

H. Bhí meon ciontach agus droch-choinsias ag cur isteach ar Chiarán le linn na saoire.

*© Ollscoil Mhá Nuad*

| **1.** | |
|---|---|

Thosaigh sé tráthnóna amháin i samhradh na bliana sei caite. Tháinig mé abhaile ón oifig, tuirseach traochta, ag súil go mór le laethanta saoire an tsamhraidh. Nuair a d'fhiafraigh Anne díom cén áit a raibh mé ag iarraidh dul, dúirt mé gur chuma liom. "Níl uaim ach óstán deas áit éigin a mbíonn an ghrian ag taitneamh. Áit a mbeidh caitheamh aimsire éigin ag Rosie agus Colm." Ach is beag a shíl mé gur saoire i Srí Lanca a bhí curtha in áirithe aici. Dúirt mé léi glan amach, "A Anne, tá an samhradh millte agat."

| **2.** | |
|---|---|

Buaileadh Srí Lanca go dona sa súnámaí uafásach a tharla Lá Fhéile Stiofáin 2005. An féidir go dtarlóidh a leithéid arís? Chuimhnigh mé ansin ar fhadhb eile - an sceimhlitheoireacht. Bhí an foréigean polaitiúil ar siúl arís idir an Rialtas agus arm atá ag iarraidh neamhspleáchais do thuaisceart an oileáin. Is beag fonn a bhí orm mo bhean agus mo chlann a thabhairt go dtí a leithéid de thír mhífhortúnach.

| **3.** | |
|---|---|

Ach dúirt Anne go raibh turasóirí ag teastáil go géar chun cabhrú le heacnamaíocht Shrí Lanca. "Is i ndeisceart an oileáin atá an t-óstán," a dúirt sí, "píosa maith ón bhfarraige". Caithfidh mé a admháil gur óstán álainn ciúin a roghnaigh sí. Ach cad é mar is féidir sult a bhaint as saoire nuair atá an bhochtaineacht le feiceáil ar gach taobh? Bhí mé ag súil le saoire leisciúil - ag ól is ag ithe is ag codladh. Ach bhí saghas náire orm agus mé ag breathnú ar na daoine bochta a bhí ag freastal orainn.

| **4.** | |
|---|---|

Ach bhí daoine eile ón Iarthar ann agus ba chuma leo faoi sin. Casadh lánúin óg as an nGearmáin orainn agus dúirt siad go raibh iarsmaí seandálaíochta an-spéisiúil sa cheantar. Fuaireamar bus beag ar cíos le dul amach agus breathnú orthu. Thug mé síntiús láimhe 400 rúpaí don tiománaí ag deireadh an turais. Níl ann ach €10 ach dar leis na Gearmánaigh go raibh sé sin i bhfad rófhial. "Is ionann sin agus pá dhá lá," a dúirt siad, ag breathnú orm ar nós is gur amadán mé. "Bhuel ní pá dhá lá domsa é," a dúirt mise, "ná daoibhse ach oiread." Níor labhair mé leo ar feadh an chuid eile den tsaoire.

| **5.** | |
|---|---|

D'éirigh Anne rud beag tuirseach díom. "Tá tú ag milleadh na saoire orainn, ag cáineadh daoine agus ag gearán. Má tá trua agat do mhuintir na tíre seo, cén fáth nach ndéanfá rud éigin ar a son?" Thug sí seoladh Tom Langan dom. 'Oibrí pobail as Éirinn atá ann agus tá sé ag iarraidh saol na ndaoine a fheabhsú. Rinne mé coinne leis don lá amárach.' Sin lá a chuaigh i bhfeidhm go mór ar mo mheon agus mo phearsantacht. Rinne sé fear eile ar fad díom. Bím buíoch as mo dhea-fhortún ach tuigim anois go raibh mé leithleach, ag smaoineamh ar mo leas féin agus ar leas mo mhuintire i gcónaí.

| **6.** | |
|---|---|

Mhínigh Tom Langan dom go dteastaíonn scileanna agus eolas ó mhuintir Shrí Lanca chomh maith le deontais airgid. Tógálaithe chun scoileanna agus tithe a thógáil, mar shampla, nó lucht leighis chun traenáil a chur ar dhochtúirí agus altraí. Bímse ag plé leis an teicneolaíocht agus bhí sé de phribhléid agam seirbhísí Idirlín a chur ar fáil do mhuintir Shrí Lanca. Fuair mé teachtaireacht ríomhphoist ó Tom inné ag rá go mbíonn na múinteoirí thall ag féachaint ar sheisiúin traenála a chraoltar ar an Idirlíon as Baile Átha Cliath! Faighimse sásamh iontach as an obair seo agus, creid é nó ná creid, tá mé buíoch d'Anne as saoire a shocrú i Srí Lanca.

*© Ollscoil Mhá Nuad*

**2** *Léigh an sliocht seo thíos agus ansin freagair na ceisteanna ar an gcéad leathanach eile.*

14 /marc

Cás cúirte atá ann nach dtiocfadh le scríbhneoir ar bith a chumadh. Ar thaobh amháin tá Síle Russell, an scríbhneoir clúiteach. Ar an taobh eile tá Treasa Ní Chearúil, múinteoir scoile nár fhoilsigh riamh ach leabhar amháin. Ach tá Ní Chearúil ag lorg a cuid féin de shaibhreas na mná a bhí mar Ollamh aici in Ollscoil Londan. "Robáil sí mé," a deir sí. "Ghoid sí eolas ón taighde a rinne mé nuair a bhí mé i mo mhac léinn agus d'úsáid sí ina cuid úrscéalta é. Ní déarfainn go raibh dlúthchairdeas eadrainn riamh, ach níor shíl mé go ndéanfadh mo Stiúrthóir Léinn a leithéid sin. Tá sí i ndiaidh droch-chlú a tharraingt ar an bpost sin agus ar an Ollscoil."

Bhain Russell clú amach le sraith úrscéalta a bhfuil an tEaspag Dáire Ó Dochartaigh mar phríomhcharachtar iontu. Is saghas bleachtaire de chuid an 8ú hAois é an Dáire seo. Tá sé ina bhreitheamh ar chúirt eaglaise agus fiosraíonn sé cásanna a bhaineann le saol na heaglaise: marú sna mainistreacha, robáil i measc na mban rialta agus araile. Deir Ní Chearúil go bhfuil na cásanna seo an-chosúil le cásanna a phléigh sí sa taighde a rinne sí faoin Ollamh Russell. Foilsíodh an taighde faoin teideal *Cúirteanna Eaglaise sna Meánaoiseanna*. "Tá píosaí fada sna húrscéalta a tógadh focal ar fhocal as mo leabharsa," a deir Ní Chearúil.

Is cinnte go bhfuil an cás seo ag cur isteach go mór ar Russell. Tá stop curtha leis na hullmhúcháin don scannán 'Bráithre na Fola', atá bunaithe ar an gcéad leabhar sa tsraith. Is cosúil go bhfuil amhras ann anois faoin gconradh dhá mhilliún dollar a shínigh Russell, ach ní dócha go mbeidh a bainisteoir bainc ró-imníoch go fóill. Fiú mura scríobhann Russell aon rud le linn an cháis chúirte beidh na leabhair atá scríofa aici cheana fós á ndíol agus á n-aistriú go teangacha eile. Deir a cuid cairde gur cuma léi faoi thuairimí lucht léinn. D'fhág sí an saol sin ina diaidh i bhfad ó shin. Is duine faiteach í, áfach, a sheachnaíonn na ceamaraí agus na nuachtáin. Le cúig bliana anuas níor thug sí ach aon agallamh amháin. Deir cairde léi go bhfuil 'eagla a báis' uirthi go nochtfar eolas príobháideach fúithi le linn an cháis chúirte.

Cén fáth, mar shampla, ar fhág sí Ollscoil Londan? Is cinnte go bhfuil sí i bhfad níos fearr as ó thaobh an airgid de, ach ar tugadh bata agus bóthar di nó an ndearna sí féin an cinneadh imeacht? Dúirt sí uair amháin gur tinneas ba chúis di imeacht. Dúirt sí ina dhiaidh sin go raibh an iomarca le déanamh aici agus nach raibh am ar bith aici le bheith ag scríobh. Ní nach ionadh, tá a míniú féin ag daoine ar an scéal, míniú nach réitíonn go rómhaith leis an scéal atá ag Síle féin.

"Ní léachtóir maith a bhí inti," a dúirt comhghleacaí dá cuid linn. "Bhí a guth cineál leamh agus ní raibh sí in ann na mic léinn a chur ag gáire - scil atá tábhachtach san obair seo. Bhí a pearsantacht díreach ceart le haghaidh an taighde. Bhí sí breá sásta an lá a chaitheamh sa leabharlann chun pointe beag eolais a sheiceáil. Ba chuma léi faoi ardú céime agus ní raibh dearcadh láidir aici faoi chúrsaí na hollscoile, bealach amháin nó bealach eile. Le fírinne, cuireann an cás cúirte seo ionadh orainn go léir."

Is dóigh le Cormac Ó Breasláin, eagarthóir na hirise *Léamh*, go bhfuil cásanna mar seo ag éirí níos coitianta. "Tá cúrsaí coipchirt i gceist gan aon amhras, go háirithe nuair a bhíonn roinnt tíortha i gceist. Ach níl ansin ach cuid den scéal." An féidir, mar shampla, go bhfuil cás cúirte níos fearr ná feachtas fógraíochta don scríbhneoir cliste atá ag lorg aird na meán cumarsáide? "Díoladh cúpla céad cóip de *Cúirteanna Eaglaise sna Meánaoiseanna* nuair a tháinig sé amach an chéad uair. Deirtear liom gur díoladh fiche míle cóip ó thosaigh an cás seo. Is cuma cé chomh daor is a bheidh táillí na ndlíodóirí, tá clú ar Threasa Ní Chearúil anois!"

*© Ollscoil Mhá Nuad*

1. Cén caidreamh a bhí idir Síle Russell agus Treasa Ní Chearúil roimh an gcás cúirte? Roghnaigh ***an ráiteas is fearr*** ón liosta thíos.

(a) Bhí siad ag múineadh le chéile in Ollscoil Londan. ☐
(b) Bhí Síle ag cur comhairle ar Threasa maidir lena cuid staidéir. ☐
(c) Bhí siad thar a bheith mór le chéile. ☐
(d) Bhí an bheirt acu ag lorg an phoist chéanna. ☐

2. Cén fáth a bhfuil an cás cúirte ag cur isteach ar Shíle? Roghnaigh ***an ráiteas is fearr*** ón liosta thíos.

(a) Tá sí buartha faoina clú mar scoláire. ☐
(b) Tá sí ag cailleadh airgid. ☐
(c) Ní maith léi poiblíocht. ☐
(d) Ní féidir léi scríobh lena linn. ☐

3. Meaitseáil na mínithe seo le focail sa téacs. Mar shampla, 'áit a mbíonn manaigh ina gcónaí' = 'mainistir'.

- múinteoir ollscoile den chéim is airde: ______________________
- obair léannta a dhéantar chun teacht ar eolas nua: ______________________

4. Nílimid cinnte cén fáth ar fhág Síle Russell a post san ollscoil. Cuir tic leis na cúiseanna ***a luaigh sí féin***.

(a) Ní raibh an tsláinte go rómhaith aici. ☐
(b) Ní raibh a tuarastal mór go leor. ☐
(c) Bhí ráflaí á scaipeadh fúithi. ☐
(d) Bhí brú oibre uirthi. ☐

5. Cén cineál duine í Síle Russell, dar leis na daoine a bhí ag obair léi? Roghnaigh ***an ráiteas is fearr*** ón liosta thíos.

(a) Duine ardaidhmeannach ☐
(b) Duine dícheallach ☐
(c) Duine deisbhéalach ☐
(d) Duine ceanndána ☐

6. Cén fáth a bhfuil cásanna mar seo ag éirí níos coitianta, dar le Cormac Ó Breasláin? Cén chúis ***a luaitear*** sa téacs?

(a) Ní bhíonn sé costasach cás mar seo a thabhairt. ☐
(b) Níl an dlí idirnáisiúnta soiléir go leor. ☐
(c) Bíonn daoine ag iarraidh poiblíochta dá gcuid leabhar féin. ☐
(d) Bíonn an dlí ar thaobh an duine a dhéanann gearán. ☐

7. Roghnaigh ***an cheannlíne is fearr*** a chuireann síos ar ábhar an ailt seo.

(a) 'Cogadh an choláiste - foireann Ollscoil Londan ag dul chun na cúirte.' ☐
(b) 'Robáil sa leabharlann - ar ghoid Russell doiciméid ó na Meánaoiseanna?' ☐
(c) ‘Cé a scríobh? - an bhfuil úrscéalta Russell bunaithe ar shaothar duine eile?' ☐
(d) 'Scéal lán botún - an bhfuil eolas mícheart in úrscéalta 'stairiúla' Russell?' ☐

*© Ollscoil Mhá Nuad*

**3** *Léigh an t-alt thíos. Roghnaigh an abairt cheart (A-I) le cur i ngach mbearna. Tá dhá abairt ann nach mbainfidh tú úsáid astu. Scríobh an litir cheart i ngach bearna thíos.* ☐ 14 / marc

**Níl ann ach magadh...**

'Is minic a bhris béal duine a shrón' a deir an seanfhocal. Tá a fhios againn go léir an chiall atá leis sin - go ndeir daoine rudaí amaideacha a tharraingíonn trioblóid orthu féin. Déanaim féin go minic é agus tá sé déanta arís agam le déanaí. ______________________

Seo mo scéal. Bhí mé féin agus mo chairde i gclub nua grinn i lár na cathrach, 'An Cat ag Gáire'. ______________________ Oíche leamh, leadránach a bhí againn, ag éisteacht le fear an tí agus a chuid aíonna. Bhí na scéalta grinn an-lag ar fad, agus ní scéalta nua a bhí iontu in aon chor. "Bheinnse i bhfad níos fearr ná duine ar bith acu" a dúirt mé. ______________________ Bhí dul amú orm. Sheas mo bhean chéile agus scairt amach "Tá fear anseo atá ag iarraidh dul suas ar an stáitse." Ní raibh fear an tí róshásta ach dúirt sé: "Beidh seisiún oscailte ann oíche Dhomhnaigh. An bhfuil tú ag iarraidh d'ainm a chur síos le haghaidh deich nóiméad i dtús na hoíche?" Is dócha gur shíl sé go mbeadh eagla orm, ach bím an-chróga tar éis cúpla pionta. D'amharc mé air go fearúil agus dúirt: "Tá. Tá cinnte."

Ní raibh mé róbhuartha. Thug mo chairde misneach dom. Deir siad go léir go bhfuil féith an ghrinn ionam. Bhí mé riamh in ann mo chomrádaithe a chur ag gáire, ó bhí mé i mo ghasúr beag scoile. Ní hionann do chairde féin agus lucht féachana, áfach. ______________________ Nach raibh mé féin i ndiaidh breithiúnas an-dian a thabhairt ar na haíonna a bhí sa chlub? Bhí drochbhrionglóid agam an oíche sin. Bhí mé ar an ardán agus bhí na mílte duine ag breathnú orm. Bhí cuma mhíshásta orthu. Thosaigh siad ag glaoch orm an stáitse a fhágáil. Bhí siad ag bualadh a ngloiní ar na boird. ______________________ Mhúscail mé agus mé fliuch ó bhun go barr i mo chuid allais féin. Ní raibh ach smaoineamh amháin i mo cheann: "In ainm Dé, cad é atá déanta agam?"

Tháinig deireadh na seachtaine agus bhí mé ag éirí níos neirbhísí ar feadh an ama. Bhí cabhair de dhíth orm ach cé a thabharfadh cabhair dom? Chuimhnigh mé gur chuir mé agallamh roinnt blianta ó shin ar fhear grinn as Sasana a bhí ag déanamh seó i mBaile Átha Cliath. ______________________ An raibh aon chomhairle aige le haghaidh duine a bheadh ag dul ar an stáitse den chéad uair?

"Mholfainn dó gan bheith ródhána ag an tús. Ná hinis scéal ar bith atá rógháirsiúil. Seachain an pholaitíocht agus cúrsaí creidimh." Cén chomhairle amaideach í sin? Gan cead agam scéal salach a insint nó bheith ag magadh faoin rialtas agus faoi chúrsaí creidimh! ______________________ Má chuirtear na rudaí sin as an áireamh is beag atá fágtha!

Tháinig an Domhnach agus shiúil mise agus mo bhean go dtí an club. Bhí mo chroí amuigh i mo bhéal nuair a shroicheamar an club. Ach cad é a rinne mo bhean ach siúl thar an doras agus isteach sa bhialann atá in aice láimhe? Lean mé isteach í agus bhí an comhluadar go léir ann romhainn. "An bhfuil tú ag rá liom nach gcaithfidh mé an seó a dhéanamh?" a d'fhiafraigh mé di. "Ní chaithfidh, a chréatúir. Rinneamar ár sáith gáire fút cheana féin."

(A) D'amharc mé ar mo chuid nótaí arís.
(B) Ní shíleann muintir na hÉireann go bhfuil na rudaí sin barrúil in aon chor.
(C) Is dócha gur shíl mé nach raibh duine ar bith ag éisteacht liom.
(D) Shílfeá go mbeadh níos mó céille agam faoin am seo.
(E) Bhí an chuma air go raibh siad an-tógtha liom.
(F) Caithfidh sé nach dtuigeann sé cultúr na hÉireann.
(G) Fágadh gan focal mé, agus mé i mo sheasamh mar a bheadh amadán ann.
(H) Ní ainm ró-oiriúnach é sin, áfach.
(I) Bíonn sé an-deacair daoine áirithe a shásamh.

*© Ollscoil Mhá Nuad*

# Scríbhneoireacht agus Úsáid na Gaeilge

**25% den scrúdú: (120 marc)**

**1** *Tá fógra sa nuachtán ag lorg daoine chun dul ar thuras timpeall na hEorpa. Ba mhaith leat bheith páirteach sa turas. Léigh an fógra thíos agus na nótaí atá scríofa agat. Bain úsáid as **na nótaí go léir** agus scríobh litir iarratais. Scríobh **160-180 focal**.*

/30 marc

**TURAS TIMPEALL NA hEORPA**

Ar mhaith leat dul ar thuras timpeall chósta iarthar na hEorpa i mbád seoil?

An bhfuil taithí seoltóireachta agat?

An bhfuil níos mó ná dhá theanga Eorpacha agat?

An maith leat bheith ag obair mar bhall d'fhoireann?

Táimid ag iarraidh foireann a chur le chéile a sheolfaidh an bád an *Carol-Anne* timpeall ar chósta iarthar na hEorpa i mí Lúnasa. Seo seans duit dul ar thuras iontach!

Scríobh litir chugainn ag insint dúinn cén fáth ar cheart duitse teacht linn!

**Seoladh**: Coiste Turais an *Carol-Anne*, Sráid na Trá, Cionn tSáile, Co. Chorcaí
**Fón**: 021 4324598
**Spriocdháta**: 7 Iúil.

Nótaí:

- … cúrsaí seoltóireachta ar scoil…ball de chlub …rásaíocht go minic… …cúpla duais… (→ An bhfuil taithí seoltóireachta agat?)
- …Béarla, Gaeilge agus Spáinnis….2 bhliain caite agat sa Spáinn… líofa… (→ An bhfuil níos mó ná dhá theanga Eorpacha agat?)
- Is maith …altra tú… …duine cairdiúil… foighneach… (→ An maith leat bheith ag obair mar bhall d'fhoireann?)
- Scileanna eile ... ceol... cócaireacht… An-suim agat sa turas mar… (→ Scríobh litir chugainn…)

© Ollscoil Mhá Nuad

*© Ollscoil Mhá Nuad*

# 2

*Tá rogha agat idir A nó B thíos.*
*Scríobh timpeall **160-180 focal**.*

/30 marc

***A.*** Tá tú i do chónaí i mbaile beag faoin tuath. D'iarr eagarthóir an nuachtáin áitiúil ort **alt** a scríobh faoi shaol an bhaile. Luaigh na rudaí seo a leanas:

- Cur síos gairid ar an mbaile agus ar na daoine
- Na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le baile beag
- An eagla atá ort go n-athróidh an baile

Nó

***B.*** Tá blag faoi chúrsaí bia agat ar líne. Bhí béile agat i mbialann nua an tseachtain seo caite. Scríobh **léirmheas** faoin mbéile a thosaíonn mar seo:

*An tseachtain seo caite bhí béile den scoth agam féin agus mo mháthair i mbialann nua. Sin ráite, is léir go bhfuil go leor le foghlaim ag lucht na bialainne.*

*© Ollscoil Mhá Nuad*

*© Ollscoil Mhá Nuad*

# 3

*Tá tú i d'eagarthóir ar iris cheoil. Déan eagarthóireacht ar an gcuntas thíos a scríobh ceoltóir faoin am a bhog sé go hÉirinn. Tá* ***15 botún*** *ar fad ann. Aimsigh gach botún agus scríobh (1) uimhir na líne, (2) an leagan mícheart agus (3) an leagan ceartaithe sa ghreille ar an gcéad leathanach eile.*

☐ /30 marc

1. Is as Contae an Chláir do m'athar agus is as Contae na Gaillimhe mo
2. mháthair. Ceoltóirí atá iontu agus bhuail siad le chéile nuair a bhí an
3. beirt acu ag obair i Sasana sna chaogaidí. Phós siad agus rugadh mé féin
4. agus mo dheartháireacha Tom agus Pádraig i Londain. Bhí ceangal láidir
5. againn le hÉireann i gcónaí, áfach, agus bhímis ag filleadh ar Chontae
6. an Chláir go rialta ar laethanta saoire. Nuair a bhíomar ag fás aníos, bhí
7. ceoil sa teach beagnach gach deireadh seachtaine agus thagadh ceoltóirí cáiliúil as
8. Éirinn ar cuairt go minic. Ní dóigh liom go thuig mé ag an am an tábhacht a
9. bhaint leis na laochra sin. Thosaigh mé ag dul chuig comórtais in
10. Éirinn nuair a bhí mé deich mbliain d'aois, agus bhuaigh mé cúpla boinn
11. leis an bosca ceoil. Le linn an t-am seo chuir mé aithne ar go leor
12. ceoltóirí as Éirinn agus in 1986 bhunaigh mé féin agus seánchara liom, Pól Ó
13. Cearbhaill, an grúpa *Lios na Sí*. D'éirí thar cionn linn, go háirithe sa
14. mhargadh idirnáisiúnta, agus bhímis ag seinm ag ceolchoirmeacha
15. ar fud an domhain. Bhí sé de nós againn na turais sin a chríochnú le ceolchoirm
16. mór in Éirinn agus ní raibh fonn orm riamh filleadh ar Londain. Mar sin, in 1995,
17. shocraigh mé ar bhogadh go hÉirinn. Cheannaigh mé teach i gCinn Mhara i
18. gContae na Gaillimhe, áit atá áisiúil don dá chontae is ansa liom. Ba mhór an
19. t-athrú é a bheith i mo cónaí i mbaile beag ach anois, níor mhaith liom a bheith
20. in aon áit eile!

*© Ollscoil Mhá Nuad*

| ***Uimhir na líne*** | ***An leagan mícheart*** | ***An leagan ceartaithe*** |
|---|---|---|
| *1* | *m'athar* | *m'athair* |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

© Ollscoil Mhá Nuad

# 4

*Aistrigh na habairtí thíos go Gaeilge.*

☐ /30 marc

1. "Did you finish that report yet?" "No, but I hope to have it finished by lunchtime tomorrow."
____________________________________________________________
____________________________________________________________
____________________________________________________________

2. I forget the name of the author but I was told that the research was carried out at the end of last year.
____________________________________________________________
____________________________________________________________
____________________________________________________________

3. The majority of people in Dublin city are unhappy because of all the concerts that are taking place there during the summer.
____________________________________________________________
____________________________________________________________
____________________________________________________________

4. "Would she go abroad if she didn't find a job in Ireland?" "Yes, she probably would, after a few months."
____________________________________________________________
____________________________________________________________
____________________________________________________________

5. He spent approximately twelve years living in America before he returned home.
____________________________________________________________
____________________________________________________________
____________________________________________________________

6. Although the exams were harder in second year I got high marks because I had attended an intensive course in the Gaeltacht.
____________________________________________________________
____________________________________________________________
____________________________________________________________

© Ollscoil Mhá Nuad